**POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE**

19 Feabhra 2021

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus ag tabhairt aire daoibh fhéin.

Táimid ag tosnú ar athoscailt na scoile Dé Luain le roinnt daltaí ón Aonad Uathachais ag filleadh ar scoil. Beidh an chianfhoghlaim ag leanúint ar feadh tamaill eile do gach duine eile. Beidh na bliainghrúpaí ag teacht ar ais de réir a chéile agus nuair atá dátaí cinnte againn maidir leis seo roinnfear libh iad.
**Tá sé fíor-thábhachtach go leanann na daltaí leis an gcianfhoghlaim idir an dá linn chun a chinntiú go bhfuil siad ag leanúint lena dturas foghlama.**

Don trí seachtaine atá le teacht, seo a leanas na tréimhsí a bheidh saor ó ranganna beo ar Zoom. Tabharfaidh sé sin deis do gach duine aclaíocht a dhéanamh, nó obair neamhspleách a dhéanamh agus sos a bheith acu ó bheith ag foghlaim ar líne:

Dé Céadaoin 25 Feabhra 1115 - 1315
Dé Máirt 2 Márta 1400 - 1600
Dé Máirt 9 Márta 0900 - 1100

Mar is eol daoibh tá an Roinn tar éis scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a chur ar ceal. É sin ráite, tá go leor oibre déanta ag daltaí Bhliain 3 agus teastaíonn uainn aitheantas ceart a thabhairt do sin. Beimid ag rith scrúduithe sinn fhéin sa scoil i mí Bealtaine, beimid ag déanamh tuairisciú ar na Measúnaithe Rangbhunaithe agus aon obair phraiticiúil atá déanta ag na daltaí agus beimid ag bronnadh teastas scoile orthu chun an t-aitheantas sin atá tuillte acu a thabhairt dóibh.

Tugaigí aire agus táim i gcónaí ar fáil má tá aon rud uaibh.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

# POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

19 Feabhra 2021

A chairde,

*I hope you are all keeping well and minding yourselves.*

*We are commencing the re-opening of the school on Monday with some of the students that are attached to the Autism Unit returning. Remote learning will be continuing for everyone else. The year groups will be returning on a gradual basis and once we have certainty around these dates we will be sharing them with you.* ***It is of vital importance that the continue to engage with the remote learning to continue with their educational journey.***

*For the three coming weeks the periods that we will be taking a break from the live Zoom classes are detailed below. It will give everybody an opportunity to be active or do some independent work while having a break from the live online classes.*

*Wednesday 25th February 1115 - 1315*
*Tuesday 2nd March 1400 - 1600*
*Tuesday 9th March 0900 - 1100*

*As you are aware the Department of Education has cancelled the Junior Cycle exam. However, the 3rd Year students have a lot of work done and we want to recognise that. We will be running our own in house exams in May and we will be reporting on any Classroom Based Assessments and Practical Work that have been completed.*
*We will also be presenting a school designed certificate to the students to acknowledge all their work.*

*Take care and feel free to contact me at any time.*

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide